



27 Iúil 2020

A Chomhghleacaí, a chara,

Ó ceapadh mar Aire Oideachais mé an 27 Meitheamh, tá sé mar phríomhthosaíocht agam athoscailt iomlán na scoileanna a áirithiú. Inniu, cheadaigh an Rialtas Treochlár le haghaidh Scoileanna a Athoscailt. Cheadaigh sé pacáiste cistiúcháin €376 mhilliún chun tacú leis an Treochlár freisin. Tá muinín agam go gcumasófar dár scoileanna oscailt go sábháilte mar thoradh ar na tacaí agus na hacmhainní breise a chuireamar ar fáil.

Cuireadh méid ollmhór oibre isteach chun treoir mhionsonraithe a ullmhú atá bunaithe ar an gcomhairle eatramhach sláinte poiblí do scoileanna, ar comhairle í a fuaireamar ag deireadh mhí an Mheithimh.

Forbraíodh an plean trí dhul i gcomhairle leo siúd a bhfuil an t-eolas is fearr acu ar an dóigh a n-oibríonn scoileanna: ionadaithe do dhaltáí, tuismitheoirí, príomhoidí, múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, baill foirne tacaíochta agus comhlachtaí bainistíochta scoile.

Rannchuidigh a gcuid saineolais go han-mhór leis an bplean a chur le chéile agus táim buíoch de gach duine lena mbaineann as a n-obair chrua le roinnt mhaith seachtainí anuas.

Mar phríomhoidí scoile, tá a fhios agam go bhfuil cuid mhór oibre le déanamh chun do mhúinteoirí, SNAs agus foireann tacaíochta a ullmhú don fhilleadh ar an scoil. Is í an aidhm atá agam agus ag an bhfoireann sa Roinn ná an tacaíocht is láidre agus is féidir a thabhairt leis an ualach atá oraibh agus ar do scoil a laghdú

Chuireamar roinnt tacaí praiticiúla agus mórphacáiste airgeadais i bhfeidhm chun an obair sin a éascú. Áirítear leis sin cistiú le haghaidh aon athruithe fisiciúla atá riachtanach i do scoil a dhéanamh; cistiú le haghaidh cúntóir a fhostú chun troscán a bhogadh, chun cabhrú le seomraí a atheagrú agus chun ullmhúcháin a dhéanamh sula n-athosclófar an scoil; agus cistiú le haghaidh múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta a ionadú. Soláthróimid cistiú le haghaidh díghalrán láimhe agus trealamh cosanta pearsanta a cheannach freisin, nuair is cuí.

Ní ionann gach foirgneamh scoile. Ní ionann gach imthoisc scoile ach oiread. Mar sin, beidh cinntí le déanamh ag gach scoil agus í ag tabhairt a plean féin chun críche. Mar phríomhoidí, tá mé ag iarraidh oraibh cumarsáid a dhéanamh go díreach le tuismitheoirí agus le daltaí maidir leis na hathruithe ar dóigh dóibh iad a fheiceáil tráth thús an téarma nua.

Beidh cinntí difirúla le déanamh ag gach scoil maidir leis na cúinsí a bhaineann leis an scoil sin, agus tabharfaidh na pleananna agus na seicliostaí cúnaimh díobh leis seo.



Foilsíodh dréachtphleananna freagartha Covid-19 do scoileanna inniu, mar aon le doiciméid ina dtugtar treoir maidir leis an gcuraclam ar leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile. Foilsíodh freisin treoir maidir le tacú le folláine sa timpeallacht scoile ar fad, atá dírithe ar dhaltaí agus ar na baill foirne uile atá fostaithe sa scoil araon. Tá áthas orm gur chuireamar soláthraí nua folláine i bhfeidhm chun tacú le baill foirne agus tá tuilleadh faisnéise faoi sin ar fáil sa Treochlár ag gov.ie/backtoschool agus sna Pleananna Freagartha Covid-19.

Tabharfar socruithe do bhaill foirne nach féidir leo fillleadh ar an áit oibre de bharr iad a bheith “i mbaol an-ard” Covid-19 chun críche i gcomhar le comhpháirtithe oideachais agus is mar chiorclán a eiseofar chuig scoileanna iad.

Cuirfidh mo Roinn oiliúint ar líne ar fáil do gach ball foirne roimh an bhfillleadh ar an scoil agus ceanglófar orthu go léir an oiliúint sin a chríochnú sula bhfillfidh siad.

Roimh an bhfillleadh ar an scoil, soláthróidh an Roinn roinnt ábhar cumarsáide aisoiriúnach do scoileanna chun cabhrú le scoileanna agus tuismitheoirí tacú leis an bhfillleadh ar an scoil. Beidh na hábhair sin ar fáil freisin ar Gov.ie/backtoschool. Cuirfear iad sin leis na cumarsáidí a dhéanfar le tuismitheoirí maidir leis na hathruithe ar dóigh dóibh iad a fheiceáil i mí Mheán Fómhair.

Tá a fhios agam go raibh an cúpla mí seo a chuaigh thart dúshlánach agus go mbeidh dúshlán nua ag gabháil leis an bhfillleadh ar an scoil. Cuireadh isteach go mór ar phobail scoile de dheasca Covid-19. Rinne daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí agus scoileanna sáriarracht leanúint leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Is áit speisialta í an scoil, áfach, agus is sa seomra ranga in éineacht le leanaí eile a tharlaíonn roinnt de na heispéiris foghlama is fearr. Chaill gach duine na heispéiris sin.

Glacaim leis go mbeidh roinnt leanaí agus daoine óga agus roinnt ball foirne neirbhíseach faoi fhilleadh ar an scoil. Maidir leis na tacaí breise a chuireamar i bhfeidhm chun tacú le gach duine, beimid go léir ag obair chun tacú le daltaí socrú isteach agus bheith sábháilte agus sona agus iad ag tabhairt faoina n-obair scoile nuair a bheidh na scoileanna ar ais.

D'oibríomar le chéile ar fud na paindéime go dtí seo. Déanfar athruithe, agus beidh gnáthaimh nua le foghlaim ag daltaí agus ag gach duine eile. Foghlaimeoid na gnáthaimh sin le chéile, toisc go bhfuil ról againn go léir sa phobal scoile ar fad a choinneáil sábháilte.

Le gach dea-ghuí,



Norma Foley TD
An tAire Oideachais